



TÁBHACHTACH: Léigh na Treoracha Oibriúcháin agus Sábháilteachta seo roimh an Mini-Ductor® II+ a Úsáid

MINI-DUCTOR® II+ CE

TREORACHA OIBRIÚCHÁIN AGUS SÁBHÁILTEACHTA

**Sainfheidhmiú i dTéamh Ionductaithe
Árdfheidhmíochta
Córais don Mhargadh Iardhíola Uathghluaisneach**



**Induction International, Inc.
1175 Jansen Farm Court
Elgin, IL 60123-2595
www.theINDUCTOR.com**

**Dola Saor 877-688-9633
Áitiúil 847-836-6933
Facs 847-551-3369
info@theinductor.com**

FOIRM 122013001

Treoirleabhar Mini-Ductor® II+
Cóipcheart © 2014 ag Induction International, Inc.

Gach ceart ar cosaint. Ní déanfar aon chuid den doiciméad seo a atáirgeadh, a chur i dtaisce i gcóras aisghabhála nó a tharchur ar mheán ar bith, leictreonach, meicniúil, ceimiceach, optúil, maighnéadach, fótachóipeáilte, dearbhchlóite nó ar mheán ar bith eile, ach amháin le cead i scríbhinn ón údar nó ó Induction International. Ní mheasfar aon dhliteanas paitinne a bheith tugtha maidir leis an bhfaisnéis atá anseo.

Trádmharcanna

Is trádmharc é Mini-Ductor® de chuid Induction International Inc. Bhi gach téarma agus gach marc seirbhíse a úsáideadh sa lámhleabhar seo curtha i gceannlitreacha go cuí. Ní féidir leis an gcomhlacht, Induction International Incorporated, fianaise a dhéanamh de chruinneas na faisnéise seo. Ná measfar úsáid aon trádmharc nó aon mharc seirbhíse sa lámhleabhar seo amhail is a mbeadh tionchar aige ar bhail aon trádmharc nó aon mharc seirbhíse.

Rabhadh agus Séanadh ar Úsáid.

Rinneadh gach iarracht ar féidir chun cruinneas agus comhláine an lámhleabhair seo a dheimhniú, ach ní tugtar aon bharánta nó aon oiriúnacht le fios dá bharr. Soláthraítear an fhaisnéis seo ar bhonn mar atá sé. Ní bheidh dliteanas nó freagracht ag na húdair nó ag Induction International, Inc. ar aon duine nó ar aon eintiteas maidir le haon chaillteanas nó damáiste, díreach nó indíreach, a eascraíonn ó úsáid na faisnéise atá sa dhoiciméad seo.

Clár Ábhair

	Leathanach
I. Rialacha Sábháilteachta.....	4-7
A. Rialacha Ginearálta Sábháilteachta sa Limistéar Oibre.....	4
B. Rialacha Sábháilteachta Pearsanta.....	4-5
C. Rialacha Sábháilteachta Leictreachais.....	5-6
D. Rialacha Sábháilteachta Ghuais Dóiteáin.....	6
E. Rialacha Sábháilteachta Úsáid Uirlise.....	6-7
Comhpháirteanna Inductor® Mini-Ductor® II+.....	8
Prionsabail Oibriúcháin.....	9
Ullmhúchán le haghaidh Úsáide.....	9
F. Úsáid Ghineadóira agus Inbhéartóra.....	9
1. Gineadóir.....	9
2. Inbhéartóir.....	9
Úsáid an Chorna Pre-Formed®.....	9-10
G. Éascú Cnónna agus Boltaí <3/4" atá Creimthe, Meirgithe agus Sáinnithe.....	10
Úsáid an Chorna U-Form®.....	10
H. Éascú Cnónna agus Boltaí >3/4" atá Creimthe, Meirgithe agus Sáinnithe.....	10
I. Crapadh Teasa ar Chlaigeanna Cloichshneachta / Boga i Miotal Leatháin.....	10
Úsáid an Chorna Bearing Buddy®.....	11
J. Fairsingiú píosa chun comhpháirt chomhthrasnach a bhaint.....	11
Úsáid an Mini-Pad® (roghnach).....	11
K. Píosaí Nasctha a bhaint.....	11
Fabhtcheartú.....	11
Díchóimeáil & Taisce.....	11-12
Treoracha Glantacháin.....	12
L. Cúram Glantacháin Ceart.....	12
M. Cúram Glantacháin Mícheart.....	12
Baránta & Deisiúchán.....	12
N. Baránta Teoranta.....	12
Sainmhíniúcháin.....	13-14
Faisnéis faoi mo Dhéileálaí Mini-Ductor® II+.....	15

Tá an táirge seo clúdaithe ag uimhreacha paitinne: 6,563,096 and 6,670,590

I. Rialacha Sábháilteachta le haghaidh Inductor[®] Mini-Ductor[®] II+ a Úsáid

O. Rialacha Ginearálta Sábháilteachta sa Limistéar Oibre

⚠ WARNING



Léitear agus tuigtear gach treoir. D'fhéadfaí go mbeadh turraing leictreach, dóiteán, agus/nó gortú tromchúiseach pearsanta de thoradh ar theip ar gach treoir luaite thíos a leanúint.

⚠ WARNING

Coimeád d'ionad oibre glan agus dea-shoilsithe.. Tugann limistéir trangláilte agus dorcha cuireadh ar thionóisc.

⚠ WARNING

Coimeád seallaigh, páistí, cuairteoirí agus ainmhithe amach uait agus amach ón Mini-Ductor[®] II+ agus é á oibriú agat.. D'fhéadfaí go mbeadh na rudaí sin mar ábhar seachráin duit agus go mbeadh siad ina chúis rialú ar an Mini-Ductor[®] II+ a chailliúint.

⚠ WARNING

Obair lasmuigh, fad is nach bhfuil seans fearthainne, uisce nó taise. Murar féidir leat é sin a dhéanamh, coinnigh an limistéar oibre laistigh dea-aeráilte agus tirim. Bí cinnte de go bhfuil na gaothráin aeráilte ag gluaisiú an aeir ón laistigh amach.

⚠ CAUTION

Bíodh múchtóir dóiteáin agus é lánluchtaithe in aice láimhe i gcónaí agus an Mini-Ductor[®] II+ á úsáid agat..

P. Rialacha Sábháilteachta Pearsanta

⚠ DANGER



Ná oibrigh an Mini-Ductor[®] II+, agus fan amach ar a laghad trí through ó Mini-Ductor[®] II+ agus é ag gluaiseacht, má tá séadaire cairdiach agat nó má tá aon chineál eile ionchlannán leictreonach nó ionchlannán miotail máinliachta agat. D'ainneoin nach dtéann na réimsí maighnéadacha a thagann ón uirlis ach cúpla orlach, bíonn siad ina bpríacal contúirteach d'oibriúchán ceart gach feiste leighis leictreonach ionphlandaithe san úsáideoir nó in aon seallach. Dá bhrí sin, is gá NACH n-úsáideann daoine le hionchlannáin liachta, leictreonach nó miotail, an Mini-Ductor[®] II+, agus is gá nach dtagann aon duine eile laistigh de thrí through de agus é in úsáid ar eagla go

⚠ WARNING



Ná oibrigh an Mini-Ductor[®] II+ agus aon rud as miotail á chaitheamh agat, rud mar sheodra, fáinní, uaireadóirí, slabhraí, clibeanna aitheanta, boinn chrábhaidh, búclaí creasa, cruá earraí pholladh coirp, agus araile. D'fhéadfaí leis an Mini-Ductor[®] II+ na rudaí miotail sin a théamh an-tapaidh agus bheadh siad ina gcúis le dónna tromchúiseacha nó fiú éadaí a adhaint.

⚠ WARNING

Ná oibrigh an Mini-Ductor[®] II+ fad is atá tú faoi bhrí drugaí, alcóil nó aon chógais.

⚠ WARNING

Ná chuir tú féin ar a chorr leis, coinnigh tú féin ar bhonn cothrom agus i gcothromaíocht an t-am go léir. Cuireann seasamh ceart agus cothromaíocht le rialú níos fearr a choimeád ar an Mini-Ductor[®] II+ i gcúinsí nach raibh tú ag coinne leo.



Ná bíodh an Mini-Ductor® II+ á úsáid agat laistigh de 4 orlach amach ó aon chomhbhall mhála aeir. D'fhéadfaidh leis an teas a thagann ón Mini-Ductor® II+ tiomántán an mhála aeir a lasadh, agus pléascfaí é gan rabhadh. Féach an lámhleabhar seirbhíse fheithiclí le faisnéis a fháil faoi shuíomh beacht an mhála aeir roimh oibriú.

Rialacha Sábháilteachta Pearsanta ar lean

WARNING



Bain gach bonn sa bhreis, gach airíocht miotalach, gach eochair, gach slabhra, gach scian póca, gach mion-uirlis, agus aon rud miotalach eile atá id' chuid éadaí nó orthu roimh duit an Mini-Ductor® II+ a chur ag gluaiseacht. Ná cuirtear na rudaí sin ar ais go dtí go mbeidh deireadh curtha leis an Mini-Ductor® II+.a úsáid. Tá an Mini-Ductor® II+ in ann a leithéid de rudaí miotalacha mar sin a théamh go han-tapaidh agus bheadh sé ina chúis ar dhónna tromchúiseacha nó fiú cuirfar éadaí trí thine dá bharr.

WARNING



Ná caitear éadaí ina bhfuil seamanna miotalacha póca, cnaipí bhanda choim, cnaipí póca, agus sipí agus an Mini-Ductor® II+ á oibriú ag duine. Tá an Mini-Ductor® II+ in ann a leithéid de rudaí miotalacha mar sin a théamh go han-tapaidh agus bheadh siad ina gcúis ar dhónna tromchúiseacha nó fiú cuirfar éadaí trí thine dá bharr.

WARNING



Caith gloiní cosanta i gcónaí agus an Mini-Ductor® II+ á úsáid.

WARNING



Is nimhniúil iad múch agus deatach as greamacháin te/trí thine. Caith masca dé-scagaire anáilitheora (deannach agus múch) atá tar eis a bheith faofa ag OSHA (Riarachán Sábháilteachta agus Slainte Cheirde), ag NIOSH (Foras Naisiúnta Sábháilteachta agus Sláinte), nó ag Oifig na Mianach SAM. Tá na maisc agus scagairí in-athsholáthraithe ar fáil go héasca sna mórshiopaí crua-earraí. Déan cinnte dhe go bhfuil an masca in oiriúint duit. D'fhéadfaidh féasóga agus gruaig aghaidhe cur isteach ar shéala ceart na masc. Athraigh na scagairí go minic. NÍ LEORDHÓTHAINEACH IAD NA MAISC AON UAIRE.

WARNING



Caith lámhainní teas-fhriotaíocha agus an Mini-Ductor® II+.á úsáid. Cuireann an Mini-Ductor® II+ téamh ar mhíotal go han-tapaidh. D'fhéadfaí go ndófar do láimhe agus do mhéara agus tú ag iarraidh codanna a bhaint de dhomchla miotail te.

Níor chóir do pháistí nó dhaoine a bhfuil cumais fhisiceacha, chéadfacha nó intinne laghdaithe, nó easpa taithí agus eolais acu an Mini-Ductor II++ a úsáid, mura dtugadh maoirsiú nó teagasc dóibh.

Níor chóir do pháistí faoi mhaoirsiú súgradh leis an Mini-Ductor II++

Q. Rialacha Sábháilteachta Leictreachais.

⚠ DANGER



Ná baintear úsáid as Mini-Ductor® II+ sa bhfearthainn, le linn taise, agus ná tum san uisce é. Má nochtar an Mini-Ductor® II+ d'uisce nó do leachtanna eile, d'fhéadfaí go mbeadh guais turraing leictreach dá bharr.

Rialacha Sábháilteachta Pearsanta ar lean

⚠ WARNING



Ná cuirtear mí-úsáid ar chorda leictreach. Ná baintear úsáid as an gcorda chun an Mini-Ductor® II+ a iompair. Coinnigh an corda amach ó theas, ó ola, agus ó fhaobhair agus / nó ó pháirteanna gluaiстеacha. Ná baintear úsáid as an Mini-Ductor® II+ má rinneadh dochar don chorda. Ní féidir corda a dheisiú, ní foláir corda nua a chur ina áit. Cruthaítear guaiseanna thurraing leictreach de bharr corda dochruithe.

⚠ WARNING



Dínasc corda sholáthar cumhachta an Mini-Ductor® II+ den asraon roimh aon fhorchuradóir a aistriú.

⚠ CAUTION

Díphlugáil an Mini-Ductor® II+ den asraon sholáthar cumhachta nó den chorda nuair nach mbíonn sé á úsáid.

⚠ CAUTION



CÁBLAÍ SÍNIDH

Más gá cábla sínidh a úsáid, is iad an dá fhad cábla a leanas atá údaráithe lena n-úsáid leis an Mini-Ductor® II+:

25 through, 14-AWG;
50-thr., 12-AWG.

- Ná úsáidtear ach cábla sínidh amháin ag am ar bith.
- Ná ceanglaítear dhá chábla sínidh nó níos me i sraithcheangal le chéile.
- Ná úsáidtear aon chábla sínidh eile seachas iad sainithe thuas. Díchastar cáblaí sínidh - d'fhéadfaidh cáblaí sínidh atá dlúthchasta ar a chéile éirigh róthéite agus bheadh siad ina chúis dóiteán.

R. Rialacha Sábháilteachta Ghuais Dóiteáin

⚠ DANGER



Ná déantar iarracht teas a chur ar choimeádán aerasóil, ar channa datha, nó ar aon choimeádán a úsáidter le breoslaí, le gás comhbhrúite, nó le leachtanna a chur i dtaisce.. D'fhéadfaidh an teas ginte ag an Mini-Ductor® II+ a bheith ina chúis le coimeadán a phléascadh agus an t-ábhar atá ann a chur trí thine.

⚠ CAUTION



Ná baintear úsáid as aon chorna téite agus an insliú bearnaithe ann. Más rud é go bhfuil an t-insliú bearnaithe, bheadh sé ina chúis splantha agus é i dteagmháil le feithicil. Bheadh a leithéid sin ina ghuais dóiteáin agus duine ag obair ar nó i ngar do línte gais agus/nó ar thaisceadán gais. Déanfar baránta a chur ar neamhní as corna le hinsliú bearnaithe a úsáid.

S. Rialacha Sábháilteachta Úsáid Uirlise

⚠ WARNING

Ná fágtar an Mini-Ductor® II+ gan aon duine ina fheighil agus é casta ANN.



⚠ WARNING

Déan cinnte dhe go bhfuil soláthar dóthanach aeir ar fáil don Aonad Cumhachta le haghaidh fuarú. Déan cinnte dhe go bhfuil gaothairí Aonaid Chumhachta an Mini-Ductor® II+ glan agus saor ó dheannach agus ó smionagar ionas go bhfuil sreabhadh gan bac aer fuaraithe ar fáil don Aonad Cumhachta.



⚠ CAUTION

Ná déantar iarracht ar an Mini-Ductor® II+.a dheisiú nó a sheirbhísiú. Níl aon pháirt fhóinteach ag an úsáideoir ann seachas forbhall corna a aistriú.

⚠ CAUTION

Roimh an Mini-Ductor® II+ a phlugáil isteach, déan chinnte dhe go bhfuil an voltas asraoin a sholáthraítear comhoiriúnach laistigh de 10% leis an voltas marcáilte ar an ainmchlár. D'fhéadfaí go mbeadh voltas asraoin, nach bhfuil in oiriúint leis an voltas sainithe ar an ainmchlár, ina chúis ar ghuaiseanna tromchúiseacha agus ar dhochar a dhéanamh don Mini-Ductor® II+.

⚠ CAUTION

Ná déantar an corda leictreach a chasadh nó a lúbadh go géar, mar d'fhéadfaí go mbeadh dochar déanta do shreangú laistigh dá bharr.


⚠ CAUTION

Ná úsáid an Mini-Ductor® II+ níos faide ná an timthriail fheidhmithe. Tá gléas cosanta róthéimh ar an gelár ciorcaid lena chosaint, ach níl cosaint ar róthéamh ag na leictreoidí. Timthriail fheidhmithe: dhá nóiméad ann, dhá nóiméad as.

Má tá an corda soláthair damáistithe, bá chóir don déantóir, a ghníomhaire um sheirbhís nó daoine cáilithe ar an gcuma chéanna é a athchur chun guais a sheachaint.

I. Comhbhaill

1. Inbhéartóir
2. Pláta Sraithuimhreach (taobh thiar)
3. Cás Stórála (Gan Taispeáint)
4. Múnla
5. Corda & Plug 220/240 SA
6. Gaothaire (bun)
7. Corna Pre-Formed®
8. Corna Bearing Buddy®
9. Corna U-Form®
10. Corna oibre Mini-Pad® (roghnach)
11. Láimhleabhar an Úsáideora (Gan Taispeáint)
12. Lasc Gníomhachtaíthe
13. Leictreoidí (barr)
14. Scriú Ordóige
15. L.E.D



I. PRIONSABAIL OIBRIÚCHÁIN

Áirithítear le **corda cumhachta**, agus é ceangailte le hasraon FGI, (11) go bhfuil ceangail le hionchur cumhachta 230 VSA agus é talmhaithe i gceart. Tugann **an inbhéartóir** (1) céim suas ar an ngnáthshruth líne malartach 230 V, 50 Hz. Cuirtear corna oibre, an **corna Bearing Buddy®** (8), **an corna U-Form®** (9), **an corna Pre-Formed®** (7), nó **an Mini-Pad®** (10), isteach sna **leictreoidí** (13) agus daingnítear é san áit ansan leis na **scriúna ordóige** (14). Déantar an sruth a aistriú go réimse maighnéadach malartach d'ardmhiniúchta. Téann an réimse maighnéadach seo trasna an dromchla oibre atá miotalach agus seoltach (e.g., an cnó sáinnithe) agus cuirtear na leictreoin sa mhíotal ar chrith de réir phrionsabail ionduchtú leictreamaighnéadach. Scaiptear fuinneamh gluaiseachta na leictreoin gluaiasteacha mar theas, agus téitear aon mhíotal ar bith atá laistigh de réimse oibríochta na huirlise. A éasca is atá ábhar lena mhaighnéadú, is mó a bheidh an teas a shaothrófar ann. Is é sin an fáth gur féidir le Mini-Ductor® II+ míotail feiriúla agus a chuid chóimhíotal a théamh go tapaídh, ach ní bhíonn tionchar dá laghad aige ar ghloine, ar phlaisteach, ar adhmaid, ar éadach agus ar ábhair eile neamhsheoltacha. Úsáidtear an **lasc gníomhachtaithe** (12) chun an inbhéartóir a chas ann agus as. Brú isteach é chun an inbhéartóir a gníomhachtú. Fanfaidh an inbhéartóir ANN fada is a choimeádtar brú ar an lasc. Bain brú den lasc chun an inbhéartóir a dhíghníomhachtú. Déan taifead den sraithuimhir agus aistrigh é ón **bpláta sraithuimhir** (2) ar an inbhéartóir go dtí an Cárta Baránta faoi iamh agus cuir sa phost é.

II. ULLMHÚCHÁN LE HAGHAIDH ÚSÁIDE

⚠ WARNING



Léitear agus tuigtear gach rabhadh sábháilteachta agus gach aire sa lámhleabhar seo roimh an Mini-Ductor® II+ a chur ar siúl.

A. Úsáid Gineadóira agus Inbhéartóra

⚠ CAUTION

Tá an Mini-Ductor® II+ deartha le hoibriú ar ghnáthlíne cumhachta nó asraon seirbhíse 230 V sruth malartach (VAC), 50 nó 60 Hz (ciogail sa soicind) agus oibreoidh sé gan dochar ar voltas idir 207V and 253V.

1. Gineadóir: Tá roinnt gineadóirí ann agus iad neamhrialáilte, go mórmhór na haonaid ar íseal-chostas arna tháirgeadh 4 kW nó níos lú, agus d'fhéadfadh siad níos mó ná 260 VAC a chur ar fáil, méid a dhéanfaidh dochar don aonad agus a chuirfidh an baránta ar neamhní. Má bhíonn amhras ort maidir leis an ngineadóir leictreachais a bheidh ag soláthair cumhachta don Mini-Ductor® II+, iarr ar chonraitheoir proifisiúnta voltas an ghineadóira a thomhais le voltmhéadar digiteach. Tomhais an voltas agus inneall an ghineadóira te agus gan ualach air. I gcás roinnt gineadóirí, d'fhéadfaí an voltas a laghdú as luas an innill a laghdú.
2. Inbhéartóir - oibriúchán Inbhéartóra SD go SM: Úsáidtear inbhéartóir 1.8 kW amháin nó inbhéartóir le tonn sínis níos mó. Cuirfidh úsáid inbhéartóir toinne cearnaí nó inbhéartóir samhail-toinne sínis an baránta ar neamhní.

I. Úsáid an Chorna Pre-Formed®

Feidhm: Úsáidtear an **Corna Pre-Formed®** (7) chun cnónna, dúntóirí, calcadh a bhaineadh, insí dorais sáinnithe, boltaí ilphíobáin sceite, boltaí trucaile (faoin leapa), Brathadóirí (O²), agus araile, a théamh.

CAUTION



D'fhéadfaí saol an chorna Pre-Formed® a shíneadh as rudaí a théamh fad a dhóthain chun an nascáil meirge sáinnithe a bhriseadh. Faoi dheireadh dófar insliú an chorna má choimeádtar é i dteagmháil le cnónna te agus d'fhéadfaí go gcuirfear an baránta ar neamhní.

- A. Éascú Cnónna agus Boltaí <3/4" atá Creimthe, Meirgithe agus Sáinnithe
- Céim 1** Cuir i bhfeidhm na treoracha "Ullmhúchán le haghaidh Úsáid"
- Céim 2** Brú an lasc gníomhachtaithe chun Mini-Ductor® II+. a chur i ngníomh
- Céim 3** Cuir an Corna Pre-Formed® mórthimpeall ar an gcnó sáinnithe, ar feadh dhá soicind ar dtús, tarraing siar é, agus iarraidh an cnó a bhaint le freangaire nó le castaire slocáin. Más rud é go bhfuil sé fós sáinnithe, cuir an corna Pre-Formed® air ar feadh dhá soicind eile, agus ansan bain triail as an bhfreangaire arís. De ghnáth níl aon gá le cnó a théamh go dtí go bhfuil sé dearg te chun é a scaoileadh ón greimeadh atá á cheangal leis an mbolta.

II. ÚSÁID AN CHORNA U-FORM®

Feidhm: D'fhéadfaí an corna U-Form® a mhúnlú chun aon cion oibre a rinneadh mar a rinneadh cheana le corna eile, le páirt speisialta a bhaint, agus le claig Chloichsneachta/Bog a bhaint.

- A. Éascú Cnónna agus Boltaí >3/4" atá Creimthe, Meirgithe agus Sáinnithe
- Céim 1** Cuir i bhfeidhm na treoracha "Ullmhúchán le haghaidh Úsáid".
- Céim 2** Athraigh an corna chun é a chur in oiriúint do mhéid an chnó as é a cas mórthimpeall ar cheann-soicéad atá in oiriúint don chnó sin.
- Leid: Sa mhéid a chuirtear le tochrán an chorna, a luaithe a théifear é.*
- Céim 3** Cuir dhá cheann an chorna U-Form® isteach sna leictreoidí agus teanntar na scriúnna ordóige.
- Céim 4** Cuir an corna U-Form® mórthimpeall ar an gcnó sáinnithe, i dtosach ar feadh dhá soicind, tarraing siar é, agus iarraidh an cnó a bhaint le freangaire nó le castaire slocáin. Más rud é go bhfuil sé fós sáinnithe, cuir an corna U-Form® air ar feadh dhá soicind eile, agus ansan bain triail as an bhfreangaire arís. De ghnáth níl aon gá le cnó a théamh go dtí go bhfuil sé dearg te chun é a scaoileadh ón greimeadh atá á cheangal leis an mbolta.

- B. Crapadh teasa ar Chlaigeanna Cloichsneachta / Boga i Miotal Leatháin


- Céim 1** Cuir i bhfeidhm na treoracha "Ullmhúchán le haghaidh Úsáid"
- Step 2** Athraigh an Corna ionas go mbeidh sé cosúil leis an léaráid ar dheis.
- Céim 3** Coinnigh an corna U-Form® idir ½ go 1 orlach ós cionn na claige, bog ar aghaidh i ngluaiseacht beag ciorclach é agus diaidh ar ndiaidh bog níos gaire don chlaig, ach coimeád lasmuigh de choróin na claige é. Comh luath agus a chrapann an claig, tarraing an corna U-Form® siar go tapaidh agus fuaraigh an chlaig deisithe le ceirt tais. Má súitear isteach an chlaig, tá tú ag téamh an mhullaigh nó níl tú ag fanacht fad dóchanach amach ón mhullach. Lean na céimeanna thuas arís go dtí go mbeidh an chlaig bainte.



Leid: Comh luath agus a thagann gal deataigh ón claig, bain an corna U-Form® díreach amach as. Is anois díreach an pointe nuair a thosnóigh an dath ar bhoilgearnaigh.

Tabhair aire comh maith agus tú ag obair le bailcricocha dá leithéid le bán agus dathanna geala, éiríonn dath buí orthu níos luaithe ná mar a tharlaíonn le dhathanna dorcha.

Fabhtcheartú: Mura mbíonn an chlaig toilteanach crapadh, d'fhéadfaí go bhfuil filltín sa mhiotal nó gur searradh an miotal ró fhada.



Side View	Taobh-amharc
Crown	Mullach
Hail or Soft Dent	Claig Chloichshneachta nó Claig Bhog
Top View	Amharc ón mBarr
Sheet Metal	Miotal Leatháin
Work in a circle inward, around the outside of the crown.	Oibrigh i gciorcail sa threo istigh, mórthimpeall ar lasmuigh den mhullach

III. ÚSÁID AN CHORNA BEARING BUDDY®

Feidhm: Úsáidtear an **corna Bearing Buddy®** (8) chun raon a scaoileadh ó chumhdach acastóra, Brathadóirí O² atá sáinnithe, le húlallt a bhaint, agus le cinn tie-roc.

A. Fairsingiú píosa chun comhpháirt chomhthrasnach a bhaint.

Céim 1 Cuir i bhfeidhm na treoracha "Ullmhúchán le haghaidh Úsáid"

Céim 2 Cuir foirceann amháin den corna Bearing Buddy® isteach i leictreoid amháin agus teannaigh scriú ordóige.

Céim 3 Cas an corna ar a laghad 3 uair timpeall an saotharphiosa le leathnú.

Leid: Sa mhéid a chuirtear le tochrán an chorna, a luaithe a téifear é.

Céim 4 Cuir an foirceann eile isteach san leictreoid eile atá oscailte agus teannaigh an scriú ordóige.

Céim 5 Brú an lasc chumhachta chun Mini-Ductor® II+. a chur i ngníomh

Céim 6 Téitear é go dtí go bhfuil sé leathnaithe a dhóthain chun an raon a bhaint.

Céim 7 Scaoil an lasc gníomhachtaithe agus scaoil an dá scriú ordóige chun an corna Bearing Buddy® a bhaint.

IV. ÚSÁID AN MINI-PAD® (roghnach)

Feidhm: Úsáidtear an Mini-Pad® (10) chun greamáin, aistreoga, graificí, suaitheantais, mionmhúnláil cabhlach bige, agus mionstriocacht a bhaint.

A. Píosaí Nasctha ar a bhaint

Céim 1 Cuir i bhfeidhm na treoracha "Ullmhúchán le haghaidh Úsáid"

Céim 2 Cuir dhá foirceann an Mini-Pad® isteach sna leictreoidi agus teannaigh na scriúna ordóige.

Céim 3 Brú an lasc gníomhachtaithe chun Mini-Ductor® II+. a chur i ngníomh.

Céim 4 Cuir an Mini-Pad® le foircean na páirte atá le baint ar feadh cúpla soicind. Comh luath agus a bhfuil cuid den pháirt réidh le scamhadh, beidh greim agat ar chuid de agus beidh tú in ann leanúint ar aghaidh lena scamhadh go léir anois. Cuir an Mini-Pad® ar ais ar an bpáirt, á hoibriú sios fad is a choimeádtar brú ar aghaidh go dtí go bhfuil an pháirt go léir bainte.

I. Fabhtcheartú

1. Tá an inbhéartóir Mini-Ductor® II+ deartha chun stad a chur le rith más rud é go bhfuil sé róthéite, ach, NÍL scoiteoir róthéimh ar na leictreoidí. Is é sin an fáth go bhfuil timthriail fheidhmíthe ag an Mini Ductor. Dhá nóiméad ann, dhá nóiméad as. Má theipeann ar an aonad go hobann:deimhnigh go bhfuil an aonad fós ceangailte le hasraon cumhachta SA atá ag feidhmiú. Má úsáidtear corda sínidh, déan deimhin de nach bhfuil aon ghearradh sa chorda. Leig don aonad fuarú ar feadh 30 nóiméad ar a laghad agus atosaiigh ansan. Má leanann na fadhbanna, cuir glao ar do dheileálaí.
2. Mura bhfuil aschur cumhachta, d'fhéadfaí go bhfuil sé de bharr corda sínidh míchuí a úsáid nó go bhfuil dochar déanta d'aidhlic. Is é seo an corda leis an tomhas ceart agus an fhad ceart - 25 troigh, 14-AWG nó 50 troigh, 12-AWG. Ná úsáidtear níos mó ná corda sínidh amháin ag an am céanna.
3. Maidir le fadhbanna eile, déan teagmháil le do dhéileálaí.

II. Díchóimeáil agus Taisce



Cas an aonad as agus leig don aonad agus do gach corna oibriúcháin fuarú ar feadh 30 nóiméad ar a laghad roimh dichóimeáil, glanadh nó é a chur i dtaisce. D'fhéadfaí go mbeadh díobháil mar thoradh ar an aonad nó páirteanna a láimhseáil roimh fuarú dóibh; d'fhéadfaí go ndéanfar dochar do threalamh nó go mbeadh sé ina ghuais dóiteáin má chuirtear i dtaisce é agus é fós te.

Céim 1 Nuair a bhíonn tú ag éirí as obair a dhéanamh, cas an chumhacht AS leis an lasc chumhachta a scaoileadh agus déan deimhin de go stadann an gaothrán laistigh.

Céim 2 Dínasc an pluga (11) ón asraon seirbhíse nó ón corda sínidh. Disconnect the plug (11) from the service outlet or extension cord.

Céim 3 Lonnaigh an aonaid agus na cornaí sna háiteanna cuí sa chúir insan gcás stórála.

III. Treoracha Glantacháin

A. Cúram Glantachán Ceart

Céim 1 Déan deimhin de go bhfuil an aonad as agus díphlugáilte. Bain úsáid as éadach tirim, glan, agus neamh-scríobach nó as tuáille páipéir chun gréise, ola, agus salachar eile a bhaint den inbhéartóir, de uirlisí, agus de chordaí leictreacha roimh iad a chur ar ais sa chás stórála.

Céim 2 Úsáidtear táirgí glantacháin uathghluaisneach laistigh atá doghalaithe agus ar fáil go ginearálta le haghaidh gréisce, ola agus salachair atí níos deacra le bhaint.

Leig do na chomhghabhálais go léir tirimiú go hiomlán roimh an Mini-Ductor® II+ a úsáid.

B. Cúram Glantacháin Mícheart

- NÁ tumtear aon chomhpháirt an aonaid in uisce nó i dtuaslagán ghlantacháin.
- NÁ spréachtar an aonad le sruth uisce as piobán, agus NÁ nítear aon chomhpháirt faoi shruth uisce as buacaire, as hidrant, no as cith.
- NÁ glan aon chomhpháirt le comhdhúil sho-ghalaithe orgánach mar artola, beinsín, ceirisín, céatón meitile eitile (MEK), ola bhreosla, glantóirí chomhpháirt choscáin, dathdhíobhach agus caolaitheoirí, díobhaigh snasa, tuaslagóirí ghreamacháin phlaisteacha, agus araile. Bíonn na hábhair seo ina nguaiseanna dóiteáin agus déanfaidh siad na hábhair polaméireacha a úsáidtear sna comhpháirteanna Mini-Ductor® II+ a chruachan nó a dhíscaoil.
- NÁ bain úsáid as gunnaí teasa, as spás-téitheoirí, as lóchrainn, as oighinn idir micreathonnacha agus gáis, agus araile chun comhpháirteanna an Mini-Ductor® II+ a thirimiú iarna glanadh.

I. BARÁNTAÍ AGUS/NÓ DEISIÚCHÁIN

A. BARÁNTA TEORANTA

1. Barántaíonn Induction International Inc. an Inductor® Mini-Ductor® II+ agus aon chomhpháirt atá ann, go bhfuil siad saor ó lochtanna ábhair agus saoirseachta in aghaidh bliana amháin ó dháta an chéad cheannaigh, gan na cornaí oibre go léir a áireamh, nuair a oibrítear é de réir an *Láimhleabhair Treoracha Oibriúcháin agus Sábháilteachta*. Bronntar an baránta seo ar an gceannaitheoir bunaidh, nuair a sholáthraítear fianaise ceannacháin. Clúdóidh Induction International Inc. costais iompair ar thalamh agus an aonaid deisithe faoi bharánta á sheoladh ar ais. Ní chlúdaíonn an baránta seo ach costais na gcomhpháirteanna agus saothair chun an táirge a chur ar ais ar dhálaí oibriúcháin cuí. Ní aisiocfár na costais iompair agus na costais teagmhasacha a bhaineann le deisiúcháin baránta faoin mbaránta seo. Níl seirbhís baránta ar fáil ach amháin trí Induction International Inc. Ní chlúdaíonn an baránta seo lochtanna de thoradh ar mhí-úsáid, drochúsáid, faillí, timpistí, gnáthchaitheamh, athrú, mionathrú, cur isteach, nó deisiúchán déanta ag aon duine ach amháin an monaróir. Tugtar an baránta sainráite seo in ionad aon bharánta eile, curtha i bhfríotal nó intuigthe, lena n-áirítear barántaí indíoltachta agus oiriunacht d'úsáid ar leith. Ní ghlacann Induction International Inc. aon fhreagracht maidir le dochar indíreach, teagmhasach nó iarmhartach. Ní ceadaíonn roinnt stát eisiatacht nó teorannú damáistí teagmhasacha nó iarmhartacha nó d'fhéadfaí nach mbaineann teorannúithe nó eisiatachtaí leatsa. Tugann an Baránta Teoranta seo sainchearta dlíthiúla duit agus d'fhéadfaí go bhfuil cearta eile agat a athraíonn ó stát go stát. Níl an baránta seo bailí ach amháin nuair a sheoltar an cárta baránta ar ais laistigh de 30 lá ón dáta ceannaigh. Ní barántaítear aon aonad gan fianaised ceannúcháin. Is ar an dtomhaltóir a bheidh an costas seolta amháin. Beidh an mhonarcha freagrach as costas seolta ar ais le haghaidh aonaid deisithe faoi bharánta. Déanfar an seoladh ar ais le hiompar ar thalamh, ach amháin nuair is mian leis an dtomhaltóir íoc as seirbhís níos tapúla. Níl Induction International Incorporated freagrach as aonaid a bheidh cailte, gadaithe nó dochraithe de thoradh ar sheol. Tá an baránta Warranty neamh-inaistrithe. Agus an Inductor® Mini-Ductor® II+ á sheoladh ar ais, ní foláir na cornaí oibre go léir agus na hoiriúintí go léir a chur ar ais leis an aonad chun go gcáilifear iad le haghaidh dheisiúcháin baránta. Cuir glao ar do dháileoír chur údárú thabhairt ar ais a fháil roimh é a sheol.

Sainmhíniúcháin

- **Ainéal:** ¹miotail a théamh chun strus laistigh a bhaint nó chun cosc a chur ar strus.
- **Aimpéar:** ¹bun-aonad SI le haghaidh sruth leictreach, comhionann le cúlóm amháin in aghaidh an soicind. *Giorrúchán:* A, amp.
- **AWG:** ¹giorrúchán ar "American Wire Gauge".
- **Toilleas:** - ¹an cháilíocht le bheith in ann lucht leictreachais a bhailiú. *Comhartha:* C
- **Celsius:** [selsiəs] nó ceinteagrád, ¹ A bhaineann le scála teochta a chláraíonn reophointe uisce mar 0° agus an fluchphointe mar 100° faoi ghnáthbhrú an atmaisféir.
- **Ciorcad:** ¹ Ar a dtugtar ciorcad leictreach, comh maith. rian iomlán an tsrutha leictrigh, agus an gléas giniúna, maraon le haon fhriotóir agus toilleoir atá ann curtha san áireamh.
- **Concentrator®:** [kon-suh n-treyt-or] ¹induchtóir le hainm táirge cláraithe a úsáidtear chun claigeanna chloichshneachta, cnónna sáinnithe, agus crua-earraí eile idir sáinnithe agus meirgithe, a bhaint de ghluaisteáin.
- **Seoltacht:** [¹ Ar a dtugtar sain-seoltas. *Leictreachas.* tomhas ar inniúlacht ábhar tugtha sruth leictreach a iompar, comhionann le comhalartach friotaíochta an ábhair. *Comhartha:* σ
- **Sruth:** - ¹an ráta ama de sreabhadh lucht leictrigh, sa treo ina bheadh lucht deimhneach gluaisteach ag dul agus méadaíocht aige comhionann leis an méid lucht in aghaidh aonad ama: tomhaiste in aimpéar.
- **Céim:** ¹aonad tomhaiste, de réir teochta nó brú.
- **Sruth Guairneáin:** ¹ sruth leictreach in ábhar seolta de thoradh ar ionductú de bharr réimse maighnéadach atá ag gluaiseacht nó ag athrú.
- **Electromagnetic Interference:** ¹Aon trasnaíocht leictreamaighnéadach a idirbhriseann, a bhacann, nó i slí ar bith eile a dhíghrádaíonn nó a theorannaíonn feidhmiúchán éifeachtúil trealaimh leictreach. *giorrúchán E.M.I.*
- **Fahrenheit:** [far-uh n-hahyt] ¹A bhaineann le scála teochta a chláraíonn reophointe uisce mar 32° agus an fluchphointe mar 212° faoi bhrú atmaisféir amháin.
- **Farad** ¹ an aonad SI toillis, a shainmhíniódh é roimhe mar toilleas toilleora idir dhá phláta a bhfuil difríocht poitéinsil de volta amháin eatorthu nuair a bhíonn sé luchtaithe le cainníocht leictreachais de cúlóm amháin. *Comhartha:* F
- **Fast-Off®:** [fast awf] ¹induchtóir le hainm táirge cláraithe a úsáidtear le haghaidh múnlaíl taoibh chabhlaigh, grafaicí vinile, agus comhpháirteanna eile atá nasctha le greamachán a bhaint de ghluaisteán.
- **Feirit:** ¹ *ceimic* comhdhúil, mar NaFeO₂, a chruthaítear nuair a chuingrítear ocsaíd fheireach le hocsaíd miotalach níos bunata. ² *Miotalóireacht* comhábhar íon-iarainn na miotal feiriúla, ar leith ó na cairbídí iarainn.
- **Feiriúil:** ¹d'iarann ní ina bhfuil iarann.
- **Fliosc:** ¹Na línte cumhachta i réimse leictreach no maighnéadach.
- **Minicíocht:**[¹an líon ciogal nó an líon ailtéarnuithe críochnaithe in aghaidh aonad ama de thonn nó d'ascalú. *Comhartha:* F; *Giorrúchán:* minic.
- **G.F.I.:** *féach Idirscorthóir Fhabht Talmhaithe.*
- **Glass Blaster®:** [glahs, glas] ¹induchtóir le hainm táirge cláraithe a úsáidtear chun gloine uathghluaisneach agus painéil chabhlaigh a bhaint. D'fhéadfaí é a bheith ina fhorbhall nó mar aonad cruashreangaithe le forbhall amháin.
- **Idirscorthóir Fhabht Talmhaithe:** ¹ scoradán ciorcaid a bhraitheann sruthanna a

thárlaíonn de bharr fabhtanna talmhaithe agus déantar an chumhacht a chas ar roimh dochar a bheith déanta don trealamh giniúna.

- **hanraí:** ¹ an t-aonad SI ionductais, a shainmhínítear go foirmiúil mar ionductas ciorcaid dúnta ina gcruthaítear fórsa leictreaghluaisneach de volta amháin nuair a athraíonn an sruth leictreach sa ciorcad go haonfhoirmeach ar ráta aimpéar amháin sa soicind. *Giorrúchán:* H
- **Hertz:** ¹ an t-aonad SI minicíochta, comhionann le ciogal amháin sa soicind. *Giorrúchán:* Hz
- **Histéiris:** ⁻¹ an mhoill a thaispeántear i bhfreagairt ag réad agus é ag freagairt ar athruithe sna fórsaí, go mórmhór sna fórsaí leictreamaignéadacha a bhfuil tionchar acu air.
- **HF:** (Ardmhinicíocht)) ¹ réimse na minicíochtaí sa speictream raidió idir 3 agus 30 megahertz.\
- **Ionductas:** ¹ is é airí an ciorcaid sin ná nuair a thagann athrú ar an sruth cruthaítear fórsa leictreamaignéadach ann de thoradh ar ionductas leictreamaignéadach.. *Comhartha:* L
- **Ionductú:** ¹ nuair a chruthaíonn réad, a bhfuil airíonna leictreacha nó maignéadacha aige, maignéadas, lucht leictreach, nó fórsa leictreamaignéadach i réad eile atá in aice leis gan teagmháil a dhéanamh leis, tugtar ionductas ar an bpróiseas sin.
- **Ionductóir:** ¹ corna a úsáidtear le hionductas a chur ar siúl i saotharphíosa feiriúil. ²(Inductor®) Ainmbhranda cláraithe an t-aon chóras téamh ionductaithe atá paiteanta le haghaidh an mhargaidh iardhíola uathghluaisnigh.
- **Inbhéartóir:** ¹ gléas a thiontaíonn sruth díreach go sruth ailtéarnach.
- **Cileavata:** ¹ aonad cumhachta, comhionann le 1,000 vata. *Giorrúchán:* kW kw
- **Óm:** ¹ an t-aonad SI friotaíochta, a sainmhínítear mar an fhriotaíocht leictreach idir dhá phointe ar sheoltóir nuair a chuirtear difríocht poitéinsil tairiseach i bhfeidhm idir an dá phointe agus cruthaítear sruth aon aimpéar amháin sa sheoltóir. Tá an fhriotaíocht comhionann go huimhriúil le mhéadaíocht an difríocht poitéinsil. *Comhartha:* Ω
- **Friotaíocht:** ¹ is airí an tseoltóra é cur in aghaidh an sruth leictreach atá ag dul tríd agus dá bharr sin déantar fuinneamh leictreach a thrasfhoirmiú go teas.
- **Rosebud®:**] ¹ ionductóir le hainm táirge le trádmarc a úsáidtear le haghaidh ainéalta, ráille fráma a théamh roimh é a dhíriú, agus araile.
- **Faghairt:** ¹ an céim chruas agus nír a thugad don mhíotal, le fuarú, le cóir theasa, no le saoirseacht fhuar. ² an t-oibriúchán faghartha.
- **Volta:** ¹ an t-aonad SI difríocht poitéinsil agus fórsa leictreamaigneadaígh, a shainmhínítear go foirmiúil mar seo: is é an volta an difríocht poitéinsil idir dhá phointe ar sheoltóir atá ag iompair sruth tairiseach aon aimpéar, nuair a chaitear cumhacht de luach aon vata idir na pointí sin. *Giorrúchán:* V
- **Voltas:** ¹ fórsa leictreaghluaisneach nó difríocht poitéinsil curtha i bhfriotal mar volta
- **Vata:** ¹ an t-aonad SI cumhachta, comhionann le giúl amháin sa soicind agus mar a gcéanna leis an gcumhacht i gciorcad ina bhfuil sruth aimpéar amháin ag sreabhadh thar difríocht poitéinsil de volta amháin. *Giorrúchán:* W, w.

Mo Dhéileálaí Mini-Ductor® II+:

Cuideachta: _____

Teagmháil: _____

Seoladh: _____

Cathair _____ Tír _____ Poist _____

Guthán #: _____

Eile Guthán #: _____

Facs: _____

R-phost: _____

Suíomh Gréasáin: _____

Mo Mini-Ductor® II+

Múnla: Mini-Ductor® II+ CE

Sraithuimhir: _____

Nótaí: